# ELeathanach 485

Dé Luain, an 13 Eanáir 2025

## Taispeántas an Eolaí Óig agus Teicneolaíochta BT



Ón mbliain 1965, bíonn Taispeántas an Eolaí Óig ar siúl in Éirinn, chun deis a thabhairt do scoláirí iar-bhunscoile na tíre na smaointe agus na tionscnaimh eolaíochta agus teicneolaíochta a léiriú don phobal.

Bhí an taispeántas á reáchtáil san RDS i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Bhí 550 togra ó 2069 iarratas ar taispeáint i mbliana.

D'oscail Micheál D. Ó hUigínn, an tUachtarán, an taispeántas.

Bhuaigh triúr deirfiúracha, Ciara, Saoirse agus Laoise Murphy an phríomhdhuais sa chomórtas. Chruthaigh siad aip a chabhraíonn leis na seirbhísí éigeandála nuair atá duine gortaithe nó tinn.

Beidh deis ag na buaiteoirí páirt a ghlacadh i gcomórtas Eorpach an Eolaí Óig, agus le 35 bliain anuas bhí an bua ag scoláirí na hÉireann sa chomórtas Eorpach 17 n-uair.

## Dealbha Oighir sa tSín

I gcathair Harbin, sa tSín, bíonn féile gach bliain ina mbíonn dealbha oighir agus sneachta ar taispeáint.

Thosaigh an fhéile ar an 21 Nollaig, agus bhí níos mó na milliún cuairteoir acu cheana féin.

Tá foirgnimh ann ar nós an Taj Mahal, chomh maith le hainmhithe agus daoine. Tá sleamhnáin oighir ann freisin, le ceann amháin atá níos mó ná 500m ar fad.

San oíche, bíonn soilse ar lasadh taobh istigh de na dealbha agus bíonn cuma álainn orthu.





## *The Masked Singer*: iomaitheoir míshásta!



Thosaigh an comórtas *The Masked Singer* ar BBC ag an deireadh seachtaine. Sa chlár seo, bíonn daoine cáiliúla gléasta i bhfeistis agus ní bhíonn a fhios ag na moltóirí nó ag an lucht féachana cé atá taobh thiar den mhasc.

Gach seachtain, fágann duine amháin an comórtas agus caithfidh an duine sin an masc a bhaint chun é/í féin a chur in aithne.

Dé Sathairn, bhí ar Macy Gray, an t-amhránaí, an clár a fhágáil agus is cosúil nach raibh sásta. D'fhág sí an stáitse gan an masc a bhaint!

D'éirigh léi áit a fháil sa bhabhta ceannais i leagan Meiriceá den chlár in 2023, mar sin seans nach raibh sí ag súil leis an gcinneadh!

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta